

Scríofa ag Cathal Ó Duibhir Baoill

## Triail is Earráid

Ag cruthú ceol san ordú dianghlasála

Ní ghnáth tréimhse í seo i stair na hÉireann. Tá an paindéimeach seo tar éis ár saolta iomlána a chaitheamh i dtraipéisí. I mo shaol is é an t-athrú is mó a tháinig le Covid-19 ná dúnadh na scoileanna, agus iad chomh ciúin le relig don chéad uair riamh. Tá mo scoil, Coláiste Eoin, fágtha ina phraiseach. Tá seit an cheoldráma leathchríochnaithe ar stáitse agus leabhair na scoláirí fágtha ar fud na bpassáistí. Mar dhalta ón séiú bliain, ní bheidh gá dom filleadh ar an áit sin go deo na ndeor. Deireadh ré atá ann do dhaltáí ardteiste 2020, ag fágáil slán go digiteach leis an áit a ghlac linn agus a rinne múnlú orainn chun fir óga a chruthú. Ní fheicfear arís na seomraí ranga nó na seomraí feisteas. Braithfidh mé uaim an t-uisce atá tar éis a bheith ag silleadh isteach sa rang Gaeilge le sé bliana anuas ar a laghad, agus boladh na ceapairí cáise dóite sa halla ag am lóin.

Is dócha gurb é an rud is mó a mbraithfidh mé uaim amach anseo na mo chairde ar scoil, ag cur is ag cúiteamh le chéile agus ag maslú a chéile de shíor (mar is cheart!). Is cuid de na lads céanna iad a bhíodh thíos liom sa chultúrlann i mBaile na Manach ag seinm ceol de shíor. Chuile sheachtain bheidh an-chraic go deo againn ag seinm cúpla port agus ag cruthú gleo ollmhóir san áit. Deis a bhí ann dúinn briseadh a thógáil ón staidéar agus an strus ar fad a bhí orainn.

Cúpla lá i ndiaidh dúnadh na scoileanna, rith sé chugam go raibh mé ag titim a choladh sa ghairdín ag meanlae ar lá breá teolaí. In ainneon an staidéar ar fad a bhí “ar siúl” agam don ardteist, tharla sé go raibh neart ama sa bhreis agam chuile lá, gan faic na ngrást le déanamh ann. Is ansin ar bheartaigh mé, in éindí le cúpla cara, bealach nua a aimsiú chun teacht le chéile agus ceol a chruthú. Rugadh mo ghrúpa cheoil nua ón leadrán dochreidte a bhí orainn. Is dócha gur gá don leadrán a bheith ollmhór más rud é go spreagann sé déagóirí chun obair a dhéanamh as a stuaim féin. Cé go raibh muid ar fad i bhfantais sa bhaile theastaigh uainn ar fad filleadh ar ceol a sheinm le chéile arís – ach an uair seo gan duine ar bith ag insint dúinn na port a mhoilliú síos mar a tharlaíonn de ghnáth.

Thosaíomar amach leis na rún cearta ach gan mórán fios againn ar conas píosa mar seo a chur le chéile. Rinneamar cúpla *Zoom* le chéile chun na fonn a roghnú agus beagánín snas a chur orthu ach ba léir ón tús nach mbeadh sé oiriúnach ar chor ar bith *Zoom* a úsáid d’fhonn an taifead deireanach a chuir le chéile. Bhí muid ar fad síte inár dtithe ar fud an chontae, ó Dhún Laoghaire go Dún Droma, agus bhí muid ag streachailt go mór ag iarraidh teacht ar bhealach chun ár ndeachrachaí a shárú. Ní amháin go bhfuil an caighdeán fuaime i bhfad níos measa ar an mean seo ach tá fadhbanna ama ann chomh maith. Aon uair go ndearna muid iarracht ar seinm le chéile ní raibh ach fothrom lofa le chloisteáil, agus ní raibh ach leath den mhilleán ar ár gcumas cheoil! Faraor is cuma faoin méad a mhaíonn na comhlachtaí idirlíne maidir leis an luas atá ag na *bytes* agus iad ag fágáil do ríomhaire, ní bheidh sé tapaidh go leor choíche le dul in áit daoine ag seinm le chéile, ar an láthar céanna.

Is é an plean a bhí againn na físeán a dhéanamh ar nós go raibh muid ag seinm le chéile, ach muid ar fad a bheith sa bhaile. Thuigeamar go raibh sé in-déanta fíis mar seo a chruthú. Ní smaoinemh nua a bhí ann ar chor ar bith agus bhí gach mac is máthar tar éis ceann a chur suas ar *YouTube* ag an bpointe seo. Bhí na grúpaí móra cheoil ag ligean orthu gur *Zoom* a bhí in úsáid chun na físeanna seo a chruthú, ach ní hé sin an fhírinne ar chor ar bith. Faraor ní raibh mórán eolais ar an t-idirlín ag an am maidir le conas píosa mar seo a eagrú.

Is i lár rang dealraitheach matamaitice maidin amháin ar bhuaile racht tuiscine mé. Bhí taifead déanta ag an múinteoir den rang sular thosaigh muid ar an glaoch videó, agus bhí sé ag labhairt thairis chun breis míniú a thabhairt dúinn. Bhí an chaint beo ach bhí an físeán réamhthairfeadtha. Ó na h-aghaidheanna trína chéile a bhí á dhéanamh ag chuile dalta, ag amanna beagánín difriúla, ba léir go raibh muid ar fad ag breathnú ar an bhfís ag an luas ceannann céanna ach ag amanna beagánín difriúil óna chéile. Bhí réiteach na fadhbe agam ansin. Dhéanfainn taifead dom fhéin a sheoladh amach chuig na buachaillí eile agus d'fhéadfadh leo seinm in éindí leis sin agus taifead nua a chruthú. Faraor cuireadh deireadh tapaidh le mo mhóimint *eureka* toisc gur tháinig físeán suas ar *YouTube* beagnach láitheach bonn ag míniú go díreach an rud ar chaith mé seachtain á fhiosrú.

Is ag an bpointe sin a léiríodh domsa go mbeach mo chéad iarracht mar scannánóir an-dheacair le cruthú. Ní raibh taithí ar bith agam ar bhogearraí scannánaíochta nó ar conas fuaim a eagrú, ach bheartaigh mé nach raibh mórán baol ag baint le triail a bhaint as ar aon nós. Theastaigh uaim tosú amach le grúpa beag ach bhí smaointe eile ag mo chomhghleacaithe. Sa deireadh bhí dhá fhíseán is fiche agam ó cheoltóirí fud fad an chontae. Ar an drochuair, ní raibh ach uair an chloig caite agam le mo bhogearra nua ag an bpointe seo.

Ní h-aon ionadh é mar sin gur ghlac sé cúpla iarracht orm an fhíseán a chur le chéile. Is dócha go bhfuil an lucht orm féin tríd m'aineolas ach ba léir go luath sa phróiséis nach bhféadfadh le mo ríomhaire bocht glacadh le chuile píosa ó na daltaí uilig ag an am céanna. Ní raibh mé tar éis ach ceathrar a chur le chéile nuair a theip ar mo ríomhaire. Is beag nár thit mé síos ag gol nuair a tháinig "scáileán gorm an bháis" suas! Is dócha fresin gur ón aineolas chéanna ar tháinig mo chuid leisciúlacht, ní raibh mo chuid oibre sábháilte agam.

Cheapfá nach dtógfadh sé ach buille amháin ón bhfadhb seo chun go dtuigfinn go raibh botún á dhéanamh agam, ach threabh mé ar aghaidh. An uair seo d'éirigh liom cúigear a shnaí isteach sa bhfíseán ach go tobann gan choinne tháinig mé aghaidh le haghaidh leis an diabhail scáláin gorm sin uair amháin eile. Agus an gcreidfá nach raibh mo chuid oibre sábháilte agam arís? Is cuma cé mhéid uair a deir mo thuistí nó an múinteoir ríomhaireachta sa scoil liom m'obair a shábháil go minic, ba ghá dom dul tríd an éispéiris seo chun go dtosóinn ag glacadh leis an gcomhairle sin. Is dócha go dtugann seo beagánín tacaíocht don seanfhocail nach dtagann ciall ríomh aois.

Ach ní raibh crúnca déanta ag an tionscnamh seo díom fós. Bhí mé diongbháilte ar réiteach a aimsiú ar an bhfadhb. Ní amháin go raibh breis is fiche duine tar éis cúig nóiméad dá saolta a chaitheamh ag déanamh taifead dóibh fhéin ionas go bhféadfainn an físeán seo a chruthú, ach ina theannta sin bhí ós cionn ocht n-uaire an chloig infheistaithe agam sa tionscnamh seo - agus bhí mé chun luach saothair a bhaint as. Ba chuma liom más rud é nach gcodlóinn

ar feadh cúpla seachtain eile. Faoin am seo ní raibh ardteist le déanamh agam – cad eile a bhí idir lámhe agam ach díriú ar an tionscnamh seo?

An tríú hiarracht. An uair seo ní dhearna mé dearmad mo chuid oibre a shábháil. Is a mhalairt go hiomlán a bhí fíor. Sílim go raibh an cnaipe draíochtúil sin á bhrú agam gach fiche soicind. Chomh maith leis sin bhí mé tar éis foghlaim go raibh orm na físeáin a bhriseadh suas i ngrúpaí de cheathrar. Ní raibh mórán fadhb leis seo ach go raibh ar mo ríomhaire bocht cúpla uair an chloig a chaitheamh ag rindreáil chuile ceathrar ar chríochnaigh mé. Agus san am sin ní raibh aon maitheas ag baint le mo ríomhaire glúine bocht ach mar tromán páipéir ollmhór. Ar feadh dhá lá shuigh mo ríomhaire ansin ag caitheamh anuas cuideanna den bhfíseán gach cúpla uair an chloig. Agus an fhuaim, a thiarcais, bhí sé ar nós eitleán a bheith suite i chúinne an tseomra ar feadh an tréimhse ama iomlán!

I ndiaidh sin ar fad, agus is cinnte go bhfuil buíochas mhór le dul go Dhia as ucht an bhfeart ollmhór seo, d'éirigh leis an ríomhaire a obair a chríochnú. Bhailigh mo chlann iomlán chun breathnú ar an toradh a bhí agam i ndiaidh trí lá agus ... bhí botún ann. Ba cheart go raibh mé ag súil leis sin i ndiaidh an pian ollmhór sa tóin a bhí tugtha ag an dtionscnamh ar fad seo dom. Ar ais liom chuig mo seomra leaba ar feadh cúpla uair an chloig eile. Tar éis i bhfad in iomarca ama, ag deireadh thiar thall bhí toradh sásúil agam, fiche duine ag seinm le chéile agus iad réidh le craoladh ar *YouTube*.

Is dócha gurb é an teachtaireacht is mó gur féidir a ghlacadh ó mo chuid baothchaint ná go bhfuil cumhacht mhór ag an leadrán. Is ansin go bhfaighimid ár smaointe suimiúla agus ár bpleananna móra. Is cinnte go mbraithim uaim mo chairde agus mo scoil, ach sa deireadh níl aon rogha againn sna cinntí seo. Cé go bhfuil muid chun a bheith fad mhór óna chéile ar feadh tamaill fhada, is féidir sa lá atá inniú ann leanúint lenár gcumarsáid agus ár spraoi le chéile. Tá mé ag súil go mór, agus tá imní ar mo ríomhaire, maidir leis an gcéad tionscnamh eile a dtosóidh mé le linn an tréimhse aisteach seo.